

Ábhar

Fóin Phóca

Mír Físe

Nuacht TG4

7 Deireadh Fómhair 2008

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Fóin Phóca

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc a bhí ar Nuacht TG4 faoin úsáid a bhaineann daoine i gcontaetha éagsúla as a bhfóin phóca. Ar dtús déan an réamhobair thíos.

Réamhobair

Plé

- Cén cineál fón póca atá agat? Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an déanamh áirithe sin?
- An mbeadh sé deacair ort lá a chaitheamh gan d'fhón póca? Cén fáth?
- An dóigh leat gur cheart go mbeadh fóin phóca ag páistí bunscoile? Cén fáth?

Tasc

Tá tú ag iarraidh a fháil amach cén úsáid a bhaineann mic léinn eile as a bhfóin phóca. Cum ceisteanna a bheadh oiriúnach chun an t-eolas a fháil agus ansin bailigh an t-eolas bunaithe ar do chuid ceisteanna. Smaoinigh ar nithe mar: (i) glaonna; (ii) téacsanna; (iii) ceamaraí; (iv) idirlíon; (v) raidió.

Éisteacht / Féachaint

1. Anois féach ar an tuairisc agus tabhair achoimre an-ghearr ar an méid atá á rá inti.
2. Féach ar an tuairisc arís, agus an uair seo déan iarracht na fíricí ar chlé a cheangal leis na háiteanna/na daoine ar dheis.

1. dhá nóiméad ar gach glao	a. mná Shligigh nó mná Lú
2. nóiméad tríocha is a cúig ar gach glao	b. mná Mhuineacháin agus mná Mhaigh Eo
3. muintir Luimnigh, Uíbh Fhailí agus Laoise	c. an dream is mó a sheolann téacsanna

2. Dar leis an tuairisc seo, cén dream is mó a bhaineann úsáid as fóin phóca? An bhfuil sé deacair a rá? Cén fáth?

1. Tá trí leagan éagsúla den fhocal *mobile phone* le cloisteáil sa mhír seo:

guthán soghluaiste
fón póca
fón soghluaiste

- Conas a gheofá amach cad é an leagan ceart? Faigh amach, más féidir.
- Cén fáth a mbíonn éiginnteacht ann uaireanta maidir le leaganacha Gaeilge d'fhocail, dar leat?
- Cad atá ar eolas agat faoin tslí ina gcumtar téarmaíocht nua sa Ghaeilge?
- Anois scríobh na focail seo i nGaeilge agus pléigh an patrún gramadaí a bheidh in úsáid agat:

mobile phone
mobile phones

2. Seo foirmeacha canúnacha a úsáideann an t-iriseoir. Faigh amach cad é an t-*iolra* caighdeánach, ag baint úsáide as foclóir. Cén chanúint lena mbaineann na h*iolraí* seo?

fónachaí
méarachaí

3. Féach ar an abairt thíos as an téipscript agus déan na cleachtaí.

‘Beag baol go dtiocfadh athrú ar an nós seo agus dea-scéala é seo, ar ndóigh, do na comhlachtaí a chuireann na seirbhísí cumarsáide ar fáil’.

- An focal ‘nós’:
Cad iad na bríonna éagsúla atá ag an bhfocal ‘nós’. Bain úsáid as foclóir.
Cad is brí leis na frásaí seo thíos?

ní nós liom é sin a dhéanamh
níl aon drochnósanna agam
‘ná déan nós is ná bris nós’

- Léirigh le habairtí an difear idir ‘ar dóigh’, ‘ar ndóigh’, ‘cén dóigh?’.
 - Cuir ‘beag baol’ in abairt.
4. Bunaithe ar an méid a chuala tú sa mhír, déan iarracht na lúibíní a bhaint amach sna focail thíos.

muintir (Baile Átha Cliath)
muintir (Corcaigh)
muintir (Gaillimh)
muintir (Ciarraí)
muintir (Béal Feirste)

muintir (Luimneach)
muintir (Contae Lú)

5. Bain amach na lúibíní seo:

Éire
in (Éire)
muintir (Éire)

6. Cad atá ar eolas agat faoin tslí a mbaintear úsáid as an mbriathar *to call* i nGaeilge? Pléigh agus cuir Gaeilge ar na frásaí seo thíos. Bí cúramach – seo briathar a mbíonn deacrachtaí ag mórán mac léinn leis.

- What did he say when he called?
- I called you yesterday.
- Call me back.
- I'm trying to call her.
- Sorry I didn't call you.
- Don't call me, I'll call you.

Iarobair

- Scríobh sliocht gearr cruthaitheach nó dán dar teideal 'seachtain gan m'fhón póca'.
- Scríobh alt a bheadh oiriúnach don rannóg teicneolaíochta san iris *nósmag* dar teideal 'cúig rud a chuireann soir mé faoi fhóin phóca'.

Téipscript

Eimear Ní Chonaola

D'fhoilsigh *Eircom* agus *Meteor* torthaí an chéad suirbhé cumarsáide inniu ar an úsáid a bhaintear as fón póca. Léiríonn an suirbhé gurb iad muintir Luimnigh an dream is mó a bhaineann úsáid as gutháin shoghluaiste. Tá tuilleadh faoin scéal ag Áine Lally.

Áine Lally

Léiríonn na figiúirí is deireanaí ón gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide go bhfuil 5.2 milliún fón póca in úsáid in Éirinn faoi láthair. Go deimhin tá níos mó fón póca sa tír seo ná mar atá daoine. Tá sé níos éasca anois ná mar a bhí cheana fón a ghreamú de do chluas agus freisin na méarachaí a chur a luascadh ag seoladh téacsanna.

Léiríonn suirbhé nua de chuid *Eircom* agus *Meteor* inniu gurb iad muintir Luimnigh an dream is fearr ó thaobh an dá rud seo a dhéanamh. Tagann Baile Átha Cliath agus Ceatharlach isteach sa dara háit – Contae Lú agus Dhún na nGall atá ar bhun an liosta. Caitheann muintir Mhuineacháin, an Chabháin agus Chill Dara an t-am is faide ag caint ar na fónachaí póca. Is iad muintir Chontae Lú agus muintir na nDéise is lú a labhraíonn orthu. Taispeánann an suirbhé gurb iad mná Mhuineacháin agus mná Mhaigh Eo an dream is faide a labhraíonn ar na fónanna soghluaiste. Caitheann siad ar an meán dhá nóiméad ar chuile ghla. Ní raibh an méid céanna cainte ag mná Shligigh nó mná Lú, is cosúil. Caitheann siadsan thart ar nóiméad tríocha is a cúig ar an meán ar chuile ghla. Seans go bhfuil méaracha sciobtha ag muintir Luimnigh, Uíbh Fhailí agus Laoise. 'Siadsan is mó a sheolann téacsanna. Tagann na mná amach chun tosaigh sa gcatagóir seo. Seolann siad ar an meán deich dtéacs chuile lá.

Deimhníonn an suirbhé seo nach bhfuil leisce ar bith orainn úsáid a bhaint as ár bhfónachaí póca. Beag baol go dtiocfadh athrú ar an nós seo agus dea-scéala é seo, ar ndóigh, do na comhlachtaí a chuireann na seirbhísí cumarsáide ar fáil. Áine Lally, Nuacht TG4.